LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

Comórtas oscailte chun duine a cheapadh sa phost mar

Aistritheoir – Grád I
i Seirbhís Thithe an Oireachtais

An Dáta Deiridh: 4 Márta 2019

Tá Seirbhís Thithe an Oireachtais tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais an feachtas seo de réir an Chóid Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Foilsíonn an CCSP cóid chleachtais agus bíonn siad ar fáil ar www.cpsa.ie

---

Déan teagmháil le: Orla Scott

AN tAONAD ACMHAINNÍ DAONNA
TITHE AN OIREACHTAIS
91 CEARNÓG MHUIRFEAN THIAR
BAILE ÁTHA CLIATH 2

Uimhir Theileafóin: (353) 1 618 3444

URL: www.oireachtas.ie

CLÁR AN ÁBHAIR

	Leathanach
Faisnéis Chúlra	3
Na Príomhdhualgais	3
Cáilíochtaí agus Taithí	6
Próiseas an Chomórtais	7
An Dáta Deiridh	7
Modhanna Roghnóireachta	7
Rúndacht	7
Imréiteach Slándála	7
Incháilitheacht chun Iarratas a dhéanamh	8
Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse	10
Cearta Iarrthóirí	14
Oibleagáidí Iarrthóirí	15
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018	17

Aistritheoir – Grád I
i Seirbhís Thithe an Oireachtais

Faisnéis Chúlra

Is é Coimisiún Thithe an Oireachtais (an 'Coimisiún') an comhlacht corparáideach reachtúil atá freagrach as Tithe an Oireachtais (Dáil Éireann, Seanad Éireann agus Coistí an Oireachtais) a reáchtáil, agus as Seirbhís Thithe an Oireachtais (an 'tSeirbhís') a riaradh agus a bhainistiú. Is í Seirbhís Thithe an Oireachtais an comhlacht seirbhíse poiblí a sholáthraíonn seirbhísí riaracháin do Thithe an Oireachtais agus dá gComhaltaí. Is é nó í an tArd-Rúnaí/Cléireach na Dála atá i gceannas ar an tSeirbhís. Is é ról na Seirbhíse comhairle ghairmiúil mar aon le seirbhísí agus saoráidí a sholáthar don Choimisiún, do Thithe an Oireachtais agus dá gCoistí agus do Chomhaltaí na dTithe. Tá isteach agus amach le 529 státseirbhíseach don Stát agus 45 bhall foirne tionscail mar fhoireann ag an tSeirbhís, atá fostaithe ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, tá isteach agus amach le 450 ball foirne polaitíochta ag obair i dTeach Laighean nó in oifigí toghlaigh na gComhaltaí, ar baill foirne iad atá fostaithe go díreach ag na Comhaltaí nó ag páirtí polaitíochta agus a n-íocann an Coimisiún iad. Tá breis faisnéise ar fáil ar www.oireachtas.ie.

Tá dhá phríomhrannán i Seirbhís Thithe an Oireachtais, an Rannán Seirbhísí Parlaiminteacha agus an Rannán Seirbhísí Corparáideacha. Is cuid den Rannán Seirbhísí Parlaiminteacha í Rannóg an Aistriúcháin.

D'ainneoin gur cuireadh go mór le freagrachtaí Rannóg an Aistriúcháin le blianta beaga anuas, is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí na Rannóige:

- Na tiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais a sholáthar;
- Tiontuithe oifigiúla ar Ionstraimí Reachtúla a sholáthar;
- Seirbhís aistriúcháin chomhuainigh a sholáthar do Thithe an Oireachtais;
- Ábhar a aistriú le haghaidh Riar na hOibre don dá Theach;
- Seirbhísí aistriúcháin chorparáidigh a bhainistiú agus a sholáthar don tSeirbhís;
- Bainistiú ar Scéim Teanga an Oireachtais agus ar chláir ghaolmhara don tSeirbhís;
- Bainistiú ar an gCaighdeán Oifigiúil (graiméar oifigiúil na Gaeilge);
- Na leaganacha oifigiúla Gaeilge de theidil comhlachtaí Stáit, scéimeanna oifigiúla agus nithe eile, a dtagraítear dóibh sa reachtaíocht, a sholáthar;
- Formhaoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar fhoilsiú téarmaíochta atá bunaithe ar reachtaíocht.

Tá tuilleadh faisnéise faoi Rannóg an Aistriúcháin ar fáil ar:
http://www.oireachtas.ie/parliament/about/rannoganaistriuchain/.

Na Príomhdhualgais

Is duine den fhoireann bainistíochta sinsearaí i Rannóg an Aistriúcháin é nó í an tAistritheoir – Grád I sa tSeirbhís. Is iad freagrachtaí lárnacha an phoist seo a bheith freagrach as an eagarthóireacht deiridh ar théacsanna agus aschur éifeachtúil éifeachtach ar ardchaighdeán a bhainistiú agus a sholáthar d'fhonn príomhspriocanna na heagraíochta a chomhlíonadh.

Beifear ag súil leis, mar dhuine den bhainistíocht shinsearach i Rannóg an Aistriúcháin, go mbeidh eolas agus tuiscint shármhaith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar chúlra, ról agus cuspóirí Rannóg an Aistriúcháin agus go mbeidh sé nó sí ag dréim leis na cuspóirí sin a bhaint amach le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a fheidhmiú. Is í an Ghaeilge teanga ghnó Rannóg an Aistriúcháin agus is í a bhíonn in úsáid ag gach ball foirne le linn dóibh cumarsáid inmheánach oifigiúil a dhéanamh agus le linn idirghníomhaíochtaí le custaiméirí de chuid na Rannóige a labhraíonn Gaeilge. Tá úsáid an Chaighdeáin Oifigiúil lárnach i ról Rannóg an Aistriúcháin. Ina theannta sin, beifear ag súil leis go mbeidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo tiomanta do na seirbhísí Gaeilge a chuireann Rannóg an Aistriúcháin agus Seirbhís Thithe an Oireachtais ar fáil a fhorbairt agus a bhreisiú a thuilleadh i gcomhréir le fís straitéiseach na heagraíochta ina hiomláine.

Áireofar na dualgais seo a leanas ar phríomhdhualgais an phoist cé nach liosta cuimsitheach é.

Seachadadh Sheirbhísí Gaeilge na Seirbhíse a Bhainistiú

- An eagarthóireacht deiridh a dhéanamh ar aistriúcháin ar théacsanna dlíthiúla ó Bhéarla go Gaeilge agus, uaireanta, ó Ghaeilge go Béarla (mar shampla, Teidil Fhada Billí, Achtanna an Oireachtais, Ionstraimí Reachtúla, Buan-Orduithe, etc.);
- An eagarthóireacht deiridh a dhéanamh ar aistriúcháin ar théacsanna corparáideacha ilghnéitheacha ó Bhéarla go Gaeilge agus, uaireanta, ó Ghaeilge go Béarla (tuarascálacha bliantúla, pleananna straitéiseacha, ábhar don suíomh gréasáin, etc.);
- Bainistiú ar fhoilsiú tiontuithe oifigiúla i gcomhar le páirtithe gnó (Oifig na mBillí, na clódóirí, seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, etc.);
- Formhaoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhíse aistriúcháin chomhuainigh;
- Formhaoirsiú a dhéanamh ar na haistriúcháin oifigiúla a chuirtear ar fáil do Dháil Éireann, Seanad Éireann agus dá gCoistí;
- Formhaoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil;
- Formhaoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar an Scéim Teanga agus ar chláir ghaolmhara;
- Formhaoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar sholáthar na leaganacha oifigiúla Gaeilge de theidil Comhlachtaí Stáit, scéimeanna oifigiúla agus nithe eile a dtagraítear dóibh sa reachtaíocht;
- Formhaoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar an Straitéis Próiseála Riaráistí (riaráistí de thiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais);
- Dearbhú Cáilíochta a chinntiú sna profaí de thiontuithe reatha agus/nó riaráiste;
- An eagarthóireacht agus an phrofléitheoireacht deiridh a dhéanamh ar ghluaiseanna agus ar liostaí téarmaíochta;
- Seirbhís eagarthóireachta sheachtrach a bhunú agus a bhainistiú;
- An eagarthóireacht agus an phrofléitheoireacht deiridh a dhéanamh ar ghluaiseanna i gcomhair dhíospóireachtaí na dTithe;
- Dualgais a bhaineann le suíonna déanacha a chomhlíonadh (saoire chúitimh ar fáil);
- A bheith ag obair i gcomhar leis an bPríomh-Aistritheoir chun córais a bhunú chun na próisis dá dtagraítear thuas a bhainistiú ionas go gcinnteofar go ndéanfar na doiciméid go léir a sholáthar go cruinn agus go tráthúil de réir mar is gá;
- Bainistiú agus formhaoirsiú ar an bhforbairt a dhéantar ar ábhar tacaíochta i gcomhair bogearraí aistriúcháin.

An Fhoireann a Threorú agus a Bhainistiú

- Feidhmíocht na mball foirne a bheidh ag tuairisciú don iarrthóir a bhainistiú;
- A chinntiú go mbeidh aon bhall foirne a bheidh ag tuairisciú don iarrthóir ag bainistiú fheidhmíocht na mball foirne a bheidh ag tuairisciú do na baill foirne sin (trí bhíthin an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta - CBFF);
- Cur i ngníomh na gclár don athrú a phleanáil mar dhuine den fhoireann bainistíochta chun cuspóirí na Rannóige a bhaint amach;
- An fhoireann a threorú agus a bhainistiú chun a chinntiú go mbainfear amach an t-aschur agus na spriocanna is gá;
- Cruinnithe rialta meithle agus foirne a eagrú agus a bhainistiú;
- Bainistiú a dhéanamh ar rótaí, taifid freastail agus sreabhadh oibre na foirne;
- Cóitseáil, meantóireacht agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann agus an fhoireann a fhorbairt chun a chinntiú go mbainfidh siad amach na riachtanais forbartha atá acu mar aon leis na riachtanais sin atá ag Rannóg an Aistriúcháin;
- Eolas a bhailiú agus faisnéis a roinnt le hoifigí agus le baill foirne eile sa tSeirbhís;
- Dualgais agus feidhmeanna breise is iomchuí don Rannóg a chomhall ó am go ham;
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí ilréimsiúla (is iomchuí dóibh siúd atá ag leibhéal Aistritheoir – Grád I) sa tSeirbhís.

Rialachas Corparáideach i Rannóg an Aistriúcháin

- A chion nó a cion a dhéanamh maidir le pleanáil gnó, feabhsú leanúnach ar phróisis agus ar nuálaíocht do Rannóg an Aistriúcháin;
- Tuarascálacha ar Bhainistiú Priacal a chur i dtoll a chéile mar a shonraítear sa Phlean Gnó Corparáideach;
- Formhaoirsiú ar mheastacháin na rannóige a ullmhú, próisis íocaíochtaí a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh ar bhuiséad na rannóige;
- Cuidiú le próisis sainfhála agus bainistithe conarthaí de réir mar is gá;
- Córas a bhunú, mar dhuine den fhoireann bainistíochta sinsearaí, chun an phríomh-mhéadracht feidhmíochta a bhailiú ionas gur féidir seachadadh spriocanna, mórghníomhartha agus aschuir eagraíochtúil a thaifeadadh agus a thuairisciú;
- Tuarascálacha a ullmhú don Bhord Bainistíochta, don Choimisiún agus don Choiste Iniúchóireachta, de réir mar is gá, ar na socruithe go léir, lena n-áirítear seachadadh spriocanna, mórghníomhartha agus aschuir eagraíochtúil;
- A chion nó a cion a dhéanamh maidir le straitéisí nua a fhorbairt agus bainistiú a dhéanamh ar chuspóirí an phlean straitéisigh;
- Bainistiú agus formhaoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus le Cosaint Sonraí de réir mar is gá i gcomhar le cinnteoirí sannta;
- Ionadaíocht a dhéanamh do Rannóg an Aistriúcháin ar chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar fhóraim éagsúla, de réir mar is gá.

Dualgais Ghinearálta

- Aon dualgais bhainteacha eile a shannfaidh an Príomh-Aistritheoir;
- D'fhéadfadh dualgais an phoist athrú i gcomhréir le riachtanais ghnó Rannóg an Aistriúcháin.

Faoi láthair, tá 4 bhall foirne bhunaithe atá mar Aistritheoir – Grád I, agus atá freagrach as foireann de 10 mball foirne atá mar Aistritheoir – Grád II a bhainistiú. Is don Phríomh-Aistritheoir go príomha a bheidh an té a cheapfar ag tuairisciú agus oibreoidh sé nó sí i gcomhar le baill foirne eile agus iad i mbun dualgais agus tionscadail éagsúla.

Painéal

Bunófar painéal de bhun an chomórtais seo trína bhféadfar folúntais i Seirbhís Thithe an Oireachtais amach anseo, idir shealadach agus bhuan, a líonadh i gcás go dtiocfaidh folúntais den sórt sin chun cinn. Féadfar úsáid a bhaint as an bpainéal freisin chun folúntais le haghaidh post mar Aistritheoir – Grád I a líonadh i Ranna Rialtais nó in Oifigí Rialtais eile.

Cáilíochtaí agus Taithí

Bunriachtanais
Ní mór a bheith ag iarrthóirí, an 28 Feabhra 2019, nó roimhe sin:

- Cáilíocht Leibhéal 7, ar a laghad, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí;

- Eolas sármhaith ar an nGaeilge agus ar an mBéarla araon (idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa) agus béim ar leith ar theanga na reachtaíochta;

- Eolas sármhaith ar an gCaighdeán Oifigiúil;

- Taithí cúig bliana ar a laghad ar an aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge, a mbainfidh dhá bhliain acu ar a laghad leis an aistriúchán reachtach;

- Scileanna eagarthóireachta den scoth agus taithí dhá bhliain, ar a laghad, ar eagarthóireacht a dhéanamh ar théacsanna aistrithe reachtacha; [beidh ar iarrthóirí dul faoi scrúdú aistriúcháin agus eagarthóireachta];

- Eolas agus tuiscint ar stíl tí Rannóg an Aistriúcháin, mar a chuirtear i ngníomh í i dtiontuithe oifigiúla Achtanna an Oireachtais, nó an cumas chun an céanna a shealbhú go gasta – tá samplaí de thiontuithe oifigiúla ar fáil (féach: http://www.oireachtas.ie/ViewDoc.asp?fn=/documents/bills28/acts/Alphabetical_List.htm&CatID=131&m=a **nó** http://www.acts.ie/)

- 2 bhliain ar a laghad de thaithí bhainistíochta ag leibhéal cuí in eagraíocht nó cuideachta inchomparáide eile;

- An t-eolas riachtanach agus na scileanna riachtanacha is gá chun na dualgais a shannfar dóibh a chomhlíonadh, lena n-áirítear scileanna den scoth i gceannaireacht, neartú na foirniúlachta, bainistiú foirne, cinnteoireacht agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

Inmhianaithe

- Taithí ar bhainistiú tionscadal;
- Taithí ar bhogearraí aistriúcháin atá bunaithe ar chuimhne a úsáid;
- Cáilíocht iarchéime i ndisciplín is iomchuí de réir na mbunriachtanas atá ag teastáil chun cur isteach ar an bpost;
- Taithí ar an athrú laistigh d'eagraíocht a threorú, ar thacú leis agus ar é a chur chun cinn agus a éascú.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh
Is cóir iarratais a sheoladh chuig Recruitment@Oireachtas.ie. Ní foláir gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán. Ní ghlacfar sa chomórtas seo ach le hiarratais a rinneadh go hiomlán trí Recruitment@Oireachtas.ie agus a rinneadh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.**

An Dáta Deiridh
Ní foláir duit d'iarratas a chur chuig Recruitment@Oireachtas.ie tráth nach déanaí ná **3.00p.m., an 4 Márta 2019**. Mura mbeidh admháil á rá go bhfuarthas an t-iarratas uait faighte agat laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an t-iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le: **Orla Scott ar (01) 618 3444** nó cuir ríomhphost chuig: Orla.scott@Oireachtas.ie.

Cuirfear an scrúdú scríofa ar siúl le linn na seachtaine dar tús an 11 Márta 2019.

Meastar go gcuirfear na hagallaimh ar siúl i mí Aibreáin 2019.

Ní ghlacfaidh an tSeirbhís freagracht ar bith as cumarsáid nach léifidh nó nach bhfaighidh an t-iarratasóir. Is cóir do na hiarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/ar na dátaí a shonróidh an tSeirbhís agus is cóir dóibh a chinntiú go bhfuil na mionsonraí teagmhála a shonraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn.

Modhanna Roghnóireachta
Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna modhanna roghnóireachta:

1. Iarrthóirí a chur ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina bhfoirmeacha iarratais
2. Réamhagallamh iomaíoch
3. Cur i láthair nó cleachtaí eile
4. Scrúdú scríofa
5. Agallamh iomaíoch deiridh

Gearrliostú
De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a fhaightear i gcomhair poist ná líon na ndaoine a bhíonn ag teastáil chun folúntais reatha, agus folúntais amach anseo, a líonadh. Cé go bhféadfadh sé go gcomhlíonann iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais, más rud é go bhfuil an líon daoine a dhéanann iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil gach duine díobh a chur faoi agallamh, féadfaidh an tSeirbhís a chinneadh nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach do líon teoranta díobh. I dtaca leis sin, tá socrú déanta ag an tSeirbhís maidir le próiseas gearrliostaithe a úsáid chun grúpa daoine atá le cur faoi agallamh a roghnú, arb iad na daoine ar dealraitheach gurb iad na daoine is oiriúnaí don phost iad ar bhonn scrúdú ar na foirmeacha iarratais. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais de réir critéir ghearrliostaithe chomhaontaithe a bheidh bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil iarrthóirí eile oiriúnach nó in ann dul i mbun an phoist, ach gurb ann d'iarrthóirí áirithe, ar dealraitheach, bunaithe ar a bhfoirmeacha iarratais, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Dá bhrí sin, is é do leas é mionchuntas cruinn a thabhairt san fhoirm iarratais i dtaobh na gcáilíochtaí agus na taithí atá agat.

Rúndacht
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála
D'fhéadfadh go ndéanfaí grinnfhiosrúchán póilíneachta i leith daoine aonair a ndéanfar iad a bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin de chuid an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear é nó í le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh scrúdú slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag a raibh cónaí air nó uirthi. D'fhéadfadh go ndéanfaí

fiosrúcháin chomh maith le fórsaí póilíneachta in aon tír ina raibh cónaí ar an iarratasóir a bhfuiltear á bhreithniú nó á breithniú le haghaidh ceapacháin. Mura n-éireoidh leis an iarratasóir scriosfaidh an tSeirbhís an fhaisnéis sin. I gcás go mbreithneofaí an t-iarratasóir ina dhiaidh sin le haghaidh post eile, beidh air nó uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar an athuair.

Faisnéis thábhachtach eile
Ní bheidh an tSeirbhís freagrach as aon chaiteachais a thabhóidh iarrthóirí a aisíoc.

Ní thugann cead isteach duine chuig comórtas, ná cuireadh chun agallaimh, le fios go nglacann an tSeirbhís leis go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil an duine dícháilithe de réir dlí chun an post a shealbhú agus níl aon ghealltanas i gceist leis go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtuigeann tú go bhfuil sé de dhualgas ortsa a chinntiú go gcomhlíonann tú riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo agus má théann tú faoi agallamh dá ainneoin sin, cuirfidh tú caiteachas ort féin nach bhfuil gá leis.

Sula molfar aon iarrthóir lena cheapadh nó lena ceapadh chun an phoist seo, déanfaidh an tSeirbhís gach fiosrúchán den sórt a meastar gur gá é chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh den sórt sin, go dtí go dtabharfar gach céim den phróiseas earcaíochta chun críche go hiomlán.

I gcás go ndéanfaidh an duine a mholtar lena cheapadh nó lena ceapadh an ceapachán a dhiúltú, nó má scarann sé nó sí leis tar éis dó nó di glacadh leis, nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh nó lena ceapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnóireachta seo. D'fhéadfadh go mbunófaí painéal ón gcomórtas seo óna bhféadfaí folúntais a bheadh ann sa todhchaí a líonadh.

Má tharlaíonn folúntais den chineál céanna in áiteanna eile sa Státseirbhís, féadfar iarrthóirí a cheapadh ón gcomórtas seo.

Incháilitheacht chun Iarratas a dhéanamh

Sláinte
Ní mór d'iarrthóir ar an bpost agus d'aon duine a shealbhaíonn an post a bheith lán-inniúil agus lánchumas a bheith aige nó aici chun na dualgais a ghabhann leis an bpost a ghabháil de láimh agus ní mór dó nó di bail sláinte a bheith air nó uirthi a léireodh go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeidh sé nó sí ábalta seirbhís rialta éifeachtach a chur ar fáil.

Carachtar
Aon iarrthóir ar an bpost, nó aon duine a shealbhaíonn an post, ní mór gur duine de dhea-charachtar é nó í.

Riachtanas Saoránachta
Is cóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil saoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas. Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Féadfaidh saoránaigh de chuid na hEilvéise faoi chomhaontuithe AE iarratas a dhéanamh freisin. **D'fhonn cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de chuid LEE faoin dáta a dhéanfaí aon phost a thairiscint.**

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí
Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta *ex gratia* le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (arna mhíniú leis na hAchtanna um Bearta Airgeadais

Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhincháilitheachta).

An Scéim Dreasachta Luathscoir
Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil pinsinéirí, faoin Scéim sin, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Sosanna Gairme
Faoi réir na riachtanais incháilitheachta a shásamh, tá an comórtas oscailte do bhaill foirne atá ar shos gairme, ar choinníoll go bhfuil an sos gairme atá á ghlacadh acu i gcomhréir le forálacha Chiorclán (4/13) ón Roinn Airgeadais, nó atá ar iasacht. Ní bheidh baill foirne atá ar shos gairme faoin Scéim Dreasachtaí Sosa Gairme, 2009 incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí
Tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (LD) agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid na Scéime LD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an Scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna i bhfeidhm maidir le hathfhostú faoi na SIDanna, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim LD incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim SID agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhincháilitheachta).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)
Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach d'Údaráis Áitiúla le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: *Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar a leagtar amach thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime LD sin é nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna mhíniú leis na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011 agus leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ón dáta imeachta faoin Scéim sin. Tá feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás fruiliú/fostú ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú
Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

Aois Earcaíochta Uasta
Is ceart d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh feidhm ag aois earcaíochta uasta maidir leis an gcomórtas seo. Ní cóir 67 mbliana d'aois a bheith slánaithe ag iarrthóirí ar an dáta deiridh agus ag an am deiridh don chomórtas.

Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Post bunaithe mar Aistritheoir i Seirbhís Thithe an Oireachtais

1. **Ginearálta** Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís. Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

2. **Scála na Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP) le haghaidh Aistritheoir – Grád I le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018**

   €69,931 €72,045 €74,167, €76,284 €78,398, €80,913 (NMAX), €83,776 (BFS1), €86,642 (BFS2)

   Beidh feidhm ag an ráta seo maidir le hiontrálaithe nua is comhaltaí den Scéim Aonair agus beidh feidhm acu chomh maith más rud é gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí arna cheapadh nó arna ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh an té a cheapfar agus go bhfuil ranníocaíocht phearsanta pinsin á déanamh aige nó aici.

   D'fhéadfadh feidhm a bheith ag ráta eile más rud é gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí faoi láthair arna cheapadh nó arna ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó roimhe an té a cheapfar agus nach gceanglaítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

   Féadfaidh Breisithe Fadseirbhíse a bheith iníoctha ar uasmhéid an scála pá tar éis seirbhís shásúil a chur isteach ar feadh 3 bliana (BFS1) agus 6 bliana (BFS2).

   Is cóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go dtosófar ag bun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir leis an ráta luacha saothair agus féadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. Féadfar breisithe a dhámhachtain faoi réir feidhmíocht shásúil.

   Déanfaidh an Oifig asbhaintí reachtúla as an tuarastal de réir mar is cuí léi.

   Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó caiteachais de réir Chiorclán 10/2017: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/IarBhaill Foirne/Pinsinéirí

3. **Tionacht**
   a. Is ceapachán chuig post bunaithe ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís é an ceapachán. (Féadfar folúntais bhreise, lena n-áirítear folúntais shealadacha, a líonadh ón bpainéal seo, más gá sin).
   b. Is go ceann tréimhse bliana ó dháta an cheapacháin a mhairfidh an conradh promhaidh. D'ainneoin na míre seo agus mhír d. thíos, ní hionann sin agus a rá nach bhfadófaí an conradh promhaidh in imthosca cuí.
   c. Le linn thréimhse an chonartha promhaidh, beidh do chuid feidhmíochta faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir nó do mhaoirseoirí chun a chinneadh:

      (i) an raibh do chuid feidhmíochta sásúil,
      (ii) an raibh d'iompar ginearálta sásúil, agus
      (iii) an bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, ag féachaint go háirithe do shaoire bhreoiteachta.

   d. Sula dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse phromhaidh, déanfar cinneadh i dtaobh an gcoimeádfar nó nach gcoimeádfar thú nó an ndéanfar síneadh a chur leis an tréimhse phromhaidh. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar do chuid feidhmíochta arna measúnú de réir na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Déanfaidh Seirbhís Thithe an Oireachtais mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit.

e. Más rud é go meastar nach bhfuil tú oiriúnach le haghaidh an phoist mar Aistritheoir – Grád I agus measúnú déanta ort de réir critéir shonraithe, tabharfar fógra i scríbhinn duit maidir leis an mbeart a ghlacfar roimh dhul in éag don chonradh agus aon síneadh air.

f. D'ainneoin mhíreanna d. agus e. thuas, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

In imthosca áirithe, féadfar an conradh a shíneadh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí toiliú leis an síneadh.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála
- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostóir a cheangal go bhfionrófar an tréimhse phromhaidh más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh
- Féadfar an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna amhail asláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht neamhfhillteach.

In imthosca den sórt sin, féadfaidh an fostaí iarratas a dhéanamh chun an fhostóra ar shíneadh a chur le tréimhse an chonartha.

4. **Ceanncheathrú**
Is i mBaile Átha Cliath a bheidh ceanncheathrú na hoifige. Nuair a bheidh duine ar dualgas agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar caiteachais chuí taistil agus chothabhála, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse leis an oifigeach.

5. **Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís tráth tairisceana an phoist a thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. I gcás ceapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí, is iondúil go ndéantar an ceapachán bunaithe ar chomhaltas den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an 'Scéim Aonair'). Tá na sonraí go léir maidir leis an Scéim ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí Scéime neamhAonair) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó i gcás go bhfuil sé nó sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag téarmaí pá éagsúla. Déanfar teideal pinsin na gceapaithe sin a shuíomh i gcomhthéacs a staire fostaíochta seirbhíse poiblí.

Is mar a leanas atá na príomhfhorálacha a bhaineann le comhaltas den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is í an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha aois 66 (ag ardú go haois 67 in 2021 agus go haois 68 in 2028 i gcomhréir le hathruithe ar aois don Phinsean Stáit).
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí den scéim dul ar scor ag aois 70.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain faoi threoir na Treoir-Uimhreach Praghsanna do Thomhaltóirí).
- Tá ceangal idir méaduithe pinsin iarscoir leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí.

Laghdú Pinsin

- Má bhí an té atá le ceapadh ar fostú roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás go

dtiocfaidh pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí chun bheith iníoctha le linn a athfhostaíochta nó a hathfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir laghdú** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair do d'aire: Má dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha maidir le lacáiste, más iomchuí. Ní shamhlaítear go dtabharfaidh an Roinn/Oifig fostaíochta tacaíocht d'iarratas ar dhíolúine ó lacáiste i leith ceapachán chuig an bpost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má dámhadh pinsean dó nó di faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Scéim LD/SIDanna Chiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar ní é aon cheann díobh a fhágann nach bhfuil duine incháilithe i gcomhair an chomórtais), scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin atá ag an gceapaí a áireamh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh teideal a bheith ag an gceapaí chuici.

- **Ciorclán (102/2007) ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
  Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht chiorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é nó í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Easláinte**
  Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás gur scoir pearsa aonair ó chomhlacht Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar a phinsean nó ar a pinsean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

Fabhrú Pinsin
De réir Acht 2012, beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i bhfeidhm i gcás go raibh duine ina chomhalta nó ina comhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann roimhe (i.e. Scéim neamhAonair). Déantar foráil maidir leis an teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin i gcás aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe sin.

Asbhaint Pinsean-Choibhneasa
Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte pinsean-choibhneasa de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009. Tabhair do d'aire go nglacfaidh Ranníoc Aoisliúntais Breise (RAB) ionad na hAsbhainte Pinsean Choibhneasa ón 1 Eanáir 2019 de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh gréasáin seo a leanas le do thoil: www.singlepensionscheme.gov.ie

6. **Uaireanta Freastail** Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham faoi alt 23 den Acht um Fhoireann Thithe an Oireachtais, 1959. Faoi láthair, is ionann iad agus 43.25 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Ní mór a bheith solúbtha ó thaobh obair dhéanach agus uaireanta breise freastail a bheidh le déanamh ó am go ham de bharr riachtanais Sheirbhís Thithe an Oireachtais. Tá scéim saoire cúitimh i bhfeidhm le haghaidh uaireanta breise freastail. Ní dhéanfar íocaíocht bhreise ar bith as uaireanta breise freastail (sa bhreis ar 43.25 uair an chloig in aghaidh na seachtaine) ós rud é go gclúdaíonn an ráta luacha saothair is iníoctha aon dliteanas maidir le freastal breise eisceachtúil a tharlódh ó am go ham.

7. **An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997** Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, más cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

8. **Saoire Bhreoiteachta** Íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bonn *pro-rata*, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta, arna leasú ó am go ham. Beidh ar an té a cheapfar sainordú a shíniú a thabharfaidh údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Seirbhís Thithe an Oireachtais agus braithfidh íocaíocht le linn na breoiteachta ar na héilimh chuí a bheith á ndéanamh ag an té a cheapfar le haghaidh sochair árachais shóisialta don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach ama.

9. **Saoire Bhliantúil** Saoire bhliantúil 30 lá oibre a ghabhann leis an bpost seo. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt agus is bunaithe ar sheachtain cúig lá a thugtar é agus níl gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

10. **Fostaíocht Lasmuigh** Post lánaimseartha is ea an post agus ní ceadmhach don oifigeach gabháil do chleachtas príobháideach ná baint a bheith aige nó aici le gnó lasmuigh a d'fhéadfadh cur isteach nó teacht salach ar chomhlíonadh na ndualgas oifigiúil.

11. **Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas** Beidh an ceapachán faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Aontóidh iarrthóirí a n-éireoidh leo gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

12. **Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar** Beidh an ceapachán faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

13. **Gníomhaíocht Pholaitiúil** Beidh an ceapachán faoi réir na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

14. **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001** Tá feidhm ag forálacha na nAchtanna sin, de réir mar is cuí, maidir leis an bpost seo.

15. **Cód Pearsanra**
    Is féidir tuilleadh mionsonraí agus ciorclán maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha seo a fháil sa Chód Pearsanra atá ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas www.circulars.gov.ie

Is iad sin thuas na **príomhchoinníollacha** seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

Trí iarratas a dhéanamh le haghaidh an phoist seo, tuigtear gur thoiligh tú leis na coinníollacha thuas.

Cearta Iarrthóirí

Nósanna imeachta i gcás go n-iarrfaidh iarrthóir athbhreithniú ar Chinneadh a dhéanfar i ndáil lena iarratas nó lena hiarratas

Féadfaidh iarrthóir iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh má tá sé nó sí míshásta le gníomh nó cinneadh a dhéanfaidh an tSeirbhís. Breithneoidh an tSeirbhís iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha Alt 7 den Chód Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Nuair a bheidh iarraidh ar athbhreithniú á déanamh, ní foláir don iarrthóir tacú lena iarraidh nó lena hiarraidh ar athbhreithniú trí chuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann sé nó sí a léiríonn go bhfuil an gníomh nó an cinneadh a rinneadh mícheart. Féadfar diúltú d'iarraidh ar athbhreithniú mura féidir le hiarrthóir tacú leis an iarraidh.

Molann an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí gur cóir don iarrthóir, má chomhaontaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh, iarracht a dhéanamh plé a dhéanamh ar bhonn neamhfhoirmiúil roimh úsáid a bhaint as an nós imeachta athbhreithnithe fhoirmiúil má mheasann an sealbhóir oifige (An Rúnaí Cúnta, Ceann na Seirbhísí do Chomhaltaí agus na Seirbhísí Corparáideacha sa chás seo) go bhféadfaí an cheist a réiteach.

An Nós Imeachta le haghaidh Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh, agus ba cheart go ndéanfaí an t-athbhreithniú, de ghnáth, idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhís a ghlac ról lárnach sa phróiseas roghnóireachta.
- I gcás ina mbaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhaightear an cinneadh.
- I gcás ina mbíonn iarrthóir míshásta fós tar éis aon phlé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé nó sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an ábhar ar mhodh athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó nó di é sin a iarraidh laistigh de 2 lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

An Nós Imeachta le haghaidh Athbhreithniú Foirmiúil ar Phróiseas Roghnóireachta

- Ní mór don iarrthóir a ábhar nó a hábhar míshástachta i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn don Rúnaí Cúnta, Ceann na Seirbhísí do Chomhaltaí agus na Seirbhísí Corparáideacha, agus cuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann sé nó sí a léiríonn go bhfuil an gníomh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Ní mór iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ón tráth a chuirtear an cinneadh roghnóireachta in iúl. I gcás ina mbaineann an cinneadh le céim eatramhach de phróiseas roghnóireachta, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre.
- Ní thabharfar aon síneadh ar na teorainneacha ama sin ach amháin in imthosca den chineál is eisceachtúla agus is faoi rogha aonair an Rúnaí Cúnta, Ceann na Seirbhísí do Chomhaltaí agus na Seirbhísí Corparáideacha a bheidh sé síneadh a cheadú.
- De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ón tráth a fhaightear an iarraidh ar athbhreithniú.

An Próiseas Gearán

Féadfaidh go gcreidfidh iarrthóir go ndearna an tSeirbhís sárú ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a d'fhéadfadh baint de chaighdeán an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tugann an próiseas gearán deis d'iarrthóirí (nó d'iarrthóirí ionchasacha)

gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig an tSeirbhís, ar an gcéad ásc, agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí dá éis sin ar achomharc má tá siad fós míshásta.

Ní foláir líomhaintí i dtaobh sárú ar an gCód Cleachtais a chur i scríbhinn, laistigh de thréimhse réasúnach, chuig an Rúnaí Cúnta, Ceann na Seirbhísí do Chomhaltaí agus na Seirbhísí Corparáideacha, ar an gcéad ásc. Ní foláir don ghearánaí cuntas a thabhairt ar na fíorais a chreideann sé nó sí a léiríonn go raibh an próiseas a leanadh mícheart. Ní foláir don ghearánaí an ghné den Chód a chreideann sé nó sí a sáraíodh a lua agus aon doiciméadacht iomchuí a thacódh leis an líomhain a sholáthar freisin. Féadfar diúltú do ghearán mura féidir leis an ngearánaí tacú lena líomhaintí trí mhíniú a thabhairt ar an gcaoi ar mhainnigh an tSeirbhís prionsabail an Chóid seo a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tSeirbhís, ar ghearán a fháil, a chinneadh go ndéanfaidh sí teagmháil leis an ngearánaí ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta thuas le fáil sa Chód Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí: www.cpsa.ie**.**

Níl aon oibleagáid ar an tSeirbhís próiseas ceapacháin a chur ar fionraí le linn dó iarraidh ar athbhreithniú a bhreithniú. Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnóireachta faoi Alt 7 den Chód Cleachtais sin, nach bhféadfaidh gearánaí athbhreithniú eile ar an bpróiseas céanna a iarraidh faoi Alt 8, ach amháin in imthosca fíor-eisceachtúla a chinnfidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí dá lánrogha féin.

Iarrataí ar Aiseolas

Tá aiseolas i ndáil leis an bpróiseas roghnóireachta ar fáil ach é a iarraidh. Tabhair do d'aire gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais é agus go bhfuil tréimhsí ama sonraithe is gá a leanúint ag baint leis. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a iarraidh. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile roimh an sásra athbhreithnithe a agairt. Ní féidir an tréimhse ama a leagtar amach sa Chód de chuid CSSP a shíneadh ar aon chúis, soláthar aiseolais san áireamh.

Oibleagáidí Iarrthóirí

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta
- Aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú
- Pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- Cur isteach ar an bpróiseas nó amhras a tharraingt air ar aon bhealach.

Is tábhachtach cuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo i gcomhair ról ina bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Má roinneann tú faisnéis faoin bpróiseas roghnóireachta, e.g., trí na meáin shóisialta nó ar aon slí eile, d'fhéadfadh go ndícháileofaí ón gcomórtas thú.

Tabhair do d'aire go bhfuil gach ábhar measúnachta agus tástála faoi réir cóipchirt agus go bhfuil gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den ábhar tástála (lena n-áirítear sleachta faisnéise, ceisteanna agus roghanna do cheisteanna), ábhair ghaolmhara ná agallamh nó agallaimh a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm nó trí aon mheán, lena n-áirítear meán leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, grianghrafadóireacht, taifeadadh, scríofa nó eile, ag aon chéim. Is cion é déanamh amhlaidh agus féadfaidh go n-eisiafar thú ón bpróiseas roghnóireachta dá bharr. Aon duine a sháróidh an fhoráil seo, nó a chuideoidh le duine nó le daoine eile an fhoráil

seo a shárú, dlífear é nó í a ionchúiseamh agus/nó agra sibhialta a dhéanamh ina aghaidh nó ina haghaidh mar gheall ar chaillteanas cóipchirt agus maoine intleachtúla.

Sárú ar an gCód Cleachtais

Aon duine a sháróidh an fhoráil thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífear fíneáil nó príosúnacht a chur air nó uirthi.

Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh sé nó sí nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta,

- dícháileofar é nó í mar iarrthóir agus déanfar é nó í a eisiamh ón bpróiseas;
- i gcás inar ceapadh é nó í chun poist tar éis an phróisis earcaíochta, cuirfear as an bpost sin é nó í.

Trealamh Taifeadta a Úsáid

Ní thugann an tSeirbhís cead úsáid a bhaint as trealamh taifeadta de chineál ar bith ina áitreabh gan cead a bheith faighte chuige sin. Baineann sé sin le taifeadadh fuaime agus taifeadadh pictiúir shocair nó fístaifeadadh, bíodh nó ná bíodh taifeadadh fuaime i gceist leis, d'aon chineál, agus le haon ghléas a úsáidtear chun na gcríoch sin.

Ní foláir d'aon duine ar mian leis nó léi trealamh den sórt sin a úsáid chun aon cheann de na críocha sin cead i scríbhinn a iarraidh roimh ré. Is chun príobháideachas ball foirne agus custaiméirí agus caighdeán ár n-ábhair measúnachta agus ár bpróiseas measúnachta a chosaint atá an beartas sin ann.

Is sárú ar an mbeartas seo trealamh taifeadta a úsáid gan chead. Féadfaidh go ndícháileofar iarrthóir ón gcomórtas i gcás baint a bheith aige nó aici le sárú den sórt sin agus féadfar é nó í a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh é nó í chun poist, déanfar é nó í a dhícháiliú mar iarrthóir; agus
- i gcás gur ceapadh é nó í chun poist tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé nó sí an ceapachán sin.

Critéir shonracha d'iarrthóirí
Ní foláir d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chur i gcrích;
- A bheith oiriúnach ó thaobh carachtair de;
- A bheith oiriúnach ó thaobh gach gné iomchuí eile lena gceapadh don phost atá i gceist;

agus má éiríonn leo, ní cheapfar sa phost iad mura rud é:

- Go n-aontóidh siad na dualgais a ghabhann leis an bpost a dhéanamh agus go nglacfaidh siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoina gceanglófar iad a chomhlíonadh;
- Go bhfuil siad lán-inniúil ar na dualgais a ghabhann leis an bpost a ghabháil de láimh agus go bhfuil siad ar fáil chun iad a ghabháil de láimh agus lánchumasach chun iad a ghabháil de láimh.

Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar
Ní bheidh aon éileamh eile chun a mbreithnithe ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile ag an am agus san áit a cheanglaíonn an tSeirbhís nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a theastaíonn ón tSeirbhís i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Bítear ag súil go soláthróidh iarrthóirí an doiciméadacht go léir a iarrtar don tSeirbhís, lena n-áirítear na foirmeacha go léir a eisíonn an tSeirbhís lena gcomhlánú, laistigh de chúig lá tar éis na hiarrata. Má mhainníonn an t-iarrthóir déanamh amhlaidh, measfar gur tharraing sé nó sí siar ón gcomórtas agus ní dhéanfar tuilleadh breithnithe ar a iarrthóireacht nó a hiarrthóireacht.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
Tá sé mar aidhm againn scothsheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí go léir. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, iarraimid ort aird an aonaid nó an bhaill foirne lena mbaineann a dhíriú ar an méid sin. Ní tábhachtach is ea é seo de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn na bearta cuí a ghlacadh chun an fhadhb a réiteach.

Tabharfar aiseolas ach é a iarraidh i scríbhinn. Má iarrtar aiseolas, níl tionchar aige sin ar an tréimhse ama a leagtar amach chun athbhreithniú a iarraidh.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018
Nuair a fhaightear an fhoirm iarratais uait, ceapaimid taifead faoi d'ainm agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus chuige sin amháin agus, má éiríonn leat, cuirfear faisnéis áirithe a sholáthraíonn tú ar aghaidh chuig an eagraíocht fostaíochta. Coinnítear faisnéis den sórt sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018. Chun iarraidh a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018, déan d'iarraidh i scríbhinn chuig: An tOifigeach um Chosaint Sonraí, Seirbhís Thithe an Oireachtais, 91 Cearnóg Mhuirfean Thiar, Baile Átha Cliath 2, agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos ar na taifid a theastaíonn uait agus go dtugann tú a mhéid mionsonraí is féidir chun gur féidir linn an taifead cuí a aimsiú. Is cóir táille €6.35 a bheith ag gabháil le d'iarraidh. Is cóir d'íocaíocht a dhéanamh le dréacht bainc, ordú airgid, nó seic pearsanta a bheidh iníoctha le 'Seirbhís Thithe an Oireachtais'. Baintear míreanna áirithe den fhaisnéis, nach mbaineann go sonrach le haon duine faoi leith, as taifid chun críocha ginearálta staidrimh.